Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11118/26**

**ECOFIN 908**
**UEM 312**
**SOC 437**
**EMPL 239**
**COMPET 852**
**ENV 828**
**EDUC 294**
**ENER 450**
**JAI 888**
**GENDER 125**
**JEUN 168**
**SAN 526**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na hEastóine |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an dréacht-Mholadh thuasluaite ón gComhairle, arna athbhreithniú agus arna chomhaontú ag coistí éagsúla de chuid na Comhairle agus mar a chuir an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais bailchríoch air, bunaithe ar thogra COM (2026) 206 final ón gCoimisiún.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na hEastóine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

[1] Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí fónta inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, chomh maith le heasnaimh rialtais iomarcacha a sheachaint. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Ar na nithe atá i gceist leis an Seimeastar Eorpach, tá foirmiú na moltaí tírshonracha agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin, go háirithe.

(2) An 25 Samhain 2025, ghlac an Coimisiún tuairim maidir le dréachtphlean buiséadach na hEastóine 2026. An dáta céanna, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2026 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil nár sainaithníodh inti go bhfuil an Eastóin ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ina teannta sin, ghlac an Coimisiún moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2026, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[2] an 21 Aibreán 2026, agus ghlac sí an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus an Moladh maidir le caipiteal daonna an 9 Márta 2026.

[2] IO C, C/2026/2434, 28.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/2434/oj.

(3) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann gur colúin chriticiúla ó thaobh an fháis eacnamaíoch inbhuanaithe de na trí riachtanas chlaochlaitheacha seo a leanas – an nuálaíocht, an dícharbónú agus an t-iomaíochas, agus an tslándáil. Ó foilsíodh é, tá an Compás Iomaíochais ina bhonn eolais d'obair an tSeimeastair Eorpaigh agus áirítear leis go bhfuil beartais eacnamaíocha na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Aontais, rud a fhágann go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

(4) In 2026, tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt i gcónaí i gcomhthráth leis an gcéim dheiridh de chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta[3]. Pleananna téarnaimh agus athléimneachta, mar aon le cistiú faoin mbeartas comhtháthaithe, bhí siad ríthábhachtach maidir leis na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach a bhaint amach, ós rud é gur ghá aghaidh a thabhairt go héifeachtach sna pleananna ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le linn na dtimthriallacha a bhí ann le déanaí, nó ar sciar nach beag de na dúshláin sin, agus gur ghá moltaí tírshonracha a chur san áireamh sna cláir a cistíodh faoin mbeartas comhtháthaithe Eorpach. Agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ag druidim le deireadh a saolré, tá sé ríthábhachtach i gcónaí na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a dtacaítear leo agus a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a choinneáil ar bun agus tógáil orthu, go háirithe iad siúd a rannchuidíonn ó thaobh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin arna sainaithint sna moltaí tírshonracha.

(5) An 3 Meitheamh 2026, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2026 don Eastóin. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag an Eastóin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha 2025 agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na hEastóine a mheas. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag an Eastóin. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na hEastóine ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna, laghdú na bochtaineachta agus laghdú an eisiata shóisialta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

---

[3] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

(6) An 21 Eanáir 2025, tar éis an mheasúnaithe agus an mholta ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na hEastóine[4]. Leis an bplean, cumhdaítear an tréimhse ó 2025 go 2028 agus cuirtear i láthair ann coigeartú fioscach thar 4 bliana. Mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas: 7,1 % in 2025, 5,1 % in 2026, 3,6 % in 2027 agus 3,2 % in 2028, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir na bonnbhliana 2023, mar atá 9,2 % in 2025, 14,8 % in 2026, 18,9 % in 2027 agus 22,6 % in 2028.

(7) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit a iarraidh go ndéanfaí clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa nach beag ar chaiteachas cosanta a bhaint amach[5] agus ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an togra sin an 6 Márta 2025. Tar éis iarraidh a fháil ón Eastóin, ar an 8 Iúil 2025, agus ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena gceadaítear don Eastóin imeacht ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais a moladh[6]. Le linn na tréimhse ina ngníomhachtófar an clásal éalaithe náisiúnta (2025-2028), beidh an Eastóin in ann tosaíochtaí an chaiteachais rialtais a athrú nó ioncam rialtais a mhéadú ionas nach gcuirfí an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol sa mheántéarma i ngeall ar chaiteachas marthanach níos airde ar an gcosaint.

---

4 Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na hEastóine (IO C, C/2025/652, 10.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/655/oj).

5 Teachtaireacht ón gCoimisiún, 'Freastal ar chaiteachas cosanta méadaithe laistigh den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis', an Bhruiséil, 19.3.2025, C(2025) 2000 final.

6 Moladh ón gComhairle an 8 Iúil 2025 lena gceadaítear don Eastóin imeacht ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais mar atá leagtha síos ag an gComhairle faoi Rialachán (AE) 2024/1263 (An clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú), (IO C, C/2025/3970, 20.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3964/oj).

(8) An 30 Aibreán 2026, chuir an Eastóin Tuarascáil Bhliantúil 2026 ar Dhul Chun Cinn[7] isteach maidir le cloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a moladh agus maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh. An Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is léiriú freisin í ar thuairisciú débhliantúil na hEastóine i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241.

(9) In 2025, ba é 0,6 % a bhí san fhás fíor-OTI agus ba é 4,8 % a bhí i mboilsciú ICPT. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 1,6 % in 2026 agus faoi 1,7 % in 2027, agus go mbeidh boilsciú ICPT 4,4 % ann in 2026 agus 2,9 % in 2027.

(10) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[8], tháinig méadú ar easnamh rialtais ghinearálta na hEastóine ó easnamh 1,1 % de OTI in 2024 go heasnamh 2,0 % de OTI in 2025. Den chuid is mó, léiríonn an méadú ar an easnamh in 2025 dinimic chaiteachais níos láidre, infheistíocht phoiblí i dtionscadail mhóra bhonneagair, amhail *Rail Baltica*, go háirithe. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta faoi scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún easnamh 4,5 % de OTI in 2026 agus 4,8 % de OTI in 2027. Den chuid is mó, léiríonn an méadú ar an easnamh in 2026 laghdú ar an ioncam go háirithe mar gheall ar an athchóiriú ar cháin ioncaim phearsanta (aistriú chuig córas uilíoch díolúine ó cháin) agus méadú ar an gcaiteachas go príomha mar gheall gur 5 % de OTI atá i gceist leis an gcaiteachas cosanta, agus mar gheall ar thionscadail infheistíochta amhail *Rail Baltica*. Den chuid is mó, léiríonn an méadú ar an easnamh in 2027 dinimic ioncaim níos laige.

---

7 Tá Tuarascálacha Bliantúla 2026 ar Dhul Chun Cinn ar fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_en.

8 Táscairí Eurostat-Euro, 22.4.2026.

(11) Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach[9], lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí staid chrapthach ann in 2025, faoi 0,5 % de OTI. Réamh-mheastar go mbeidh staid fhorleathnaitheach ann, faoi 2,8 % de OTI, in 2026 agus go mbeidh staid chrapthach ann, faoi 0,3 % de OTI, in 2027.

(12) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[10], tháinig méadú ar fhiachas rialtais ghinearálta na hEastóine ó 23,5 % de OTI ag deireadh 2024 go 24,1 % de OTI ag deireadh 2025. Den chuid is mó, léiríonn an méadú ar an gcóimheas fiachais in 2025 an t-easnamh rialtais. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go méadóidh an cóimheas fiachais rialtais-OTI go 26,9 % faoi dheireadh 2026 agus go méadóidh sé a thuilleadh go 30,5 % faoi dheireadh 2027. Den chuid is mó, léiríonn na méaduithe in 2026 agus 2027 easnaimh arda leanúnacha sa bhuiséad agus coigeartuithe sreabhaidh dearfacha i leith stoic in 2027.

(13) Ar bhonn shonraí Eurostat, 4,2 % de OTI a bhí i gceist le caiteachas iomlán rialtais ghinearálta na hEastóine ar an gcosaint in 2025, rud a chomhfhreagraíonn do mhéadú 2,1 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid leis an mbliain thagartha 2021. Ar bhonn Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh sé ag 5,0 % de OTI in 2026, rud a chomhfhreagraíonn do mhéadú 3,0 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid le 2021[11].

---

9 Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm di measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an acmhainneacht fáis mheántéarmaigh agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

10 Táscairí Eurostat-Euro, 22.4.2026.

11 Tá sainmhíniú ECAT ar chaiteachas cosanta éagsúil leis an sainmhíniú atá ag COFOG ar chosaint. Thairis sin, d'fhéadfadh difríochtaí a bheith ann i ngeall ar am taifeadta an chaiteachais, go háirithe maidir le trealamh míleata, ós rud é nach leanann tuairisciú ECAT rialacha na gcuntas náisiúnta maidir le ham an taifeadta.

(14) Tá rioscaí fós roimh an Aontas maidir le suaitheadh sa soláthar fuinnimh agus luaineacht ardaithe praghsanna, rud atá níos measa mar gheall ar theannas geopholaitiúil a dhéanann difear do mhargaí domhanda ola agus gáis. Is léir ón taithí a fuarthas ó ghéarchéim fuinnimh 2022-2023 go mbaineann costais fhioscacha mhóra le bearta leathana neamh-spriocdhírithe agus go bhfuil siad neamhéifeachtúil go sóisialta agus go heacnamaíoch. Ó thosaigh an cogadh sa Mheánoirthear i mí Feabhra 2026, tá beart beartais fhioscaigh glactha ag an Eastóin chun an tionchar atá ag praghsanna arda fuinnimh ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí a mhaolú[12]. Is é sin, chuir sí siar na méaduithe ar an ráta dleachta máil breosla agus leictreachais ó 2026 go 2027. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar gurb é 0,1 % de OTI a bheidh i gcostas fioscach an bhirt sin in 2026.

(15) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, d'fhás an glanchaiteachas san Eastóin faoi 2,0 % in 2025 agus is fás carnach 5,7 % a bhí ann in 2024 agus 2025. Tá an fás glanchaiteachais in 2025 faoi bhun an uasráta fáis a moladh. Agus 2024 agus 2025 á mbreithniú le chéile, tá ráta fáis carnach an ghlanchaiteachais faoi bhun an uasráta fáis a moladh freisin.

(16) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas san Eastóin faoi 12,0 % in 2026 agus gur fás carnach 18,4 % a bheidh ann in 2024, 2025 agus 2026. Tá an fás glanchaiteachais réamh-mheasta in 2026 os cionn an uasráta fáis a moladh, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 2,8 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Agus 2024, 2025 agus 2026 á mbreithniú le chéile, tá ráta fáis carnach réamh-mheasta an ghlanchaiteachais os cionn an uasráta fáis a moladh freisin, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 1,5 % de OTI i dtéarmaí carnacha. Mar sin féin, tá an diall réamh-mheasta laistigh de sholúbthacht an chlásail éalaithe náisiúnta bunaithe ar réamh-mheastacháin reatha maidir le caiteachas cosanta.

---

12 Is léiriú é sin ar an gcás ag scoithdháta Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún (an 4 Bealtaine 2026).

(17) An 3 Meitheamh 2026, ghlac an Coimisiún tuarascáil faoi Airteagal 126(3) CFAE[13]. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar staid na hEastóine maidir leis an gcritéar easnaimh, toisc go sáraíonn an t-easnamh rialtais ghinearálta atá beartaithe aici in 2026 an luach tagartha, arb é 3 % den OTI é. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil, agus na tosca ábhartha uile á gcur san áireamh de réir mar is iomchuí, go meastar nach bhfuil an critéar easnaimh comhlíonta ag an Eastóin. Mar sin féin, bhí an Coimisiún den tuairim nach bhfuil aon chás ann chun tús a chur le nós imeachta um easnamh iomarcach don Eastóin, ós rud é gur ghníomhachtaigh an Chomhairle an clásal éalaithe náisiúnta don Eastóin agus go mínítear go hiomlán an t-easnamh réamh-mheasta atá de bhreis ar an luach tagartha in 2026 leis an méadú ar chaiteachas cosanta ó bhí 2021 ann, de réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún. Ina fhianaise sin, agus tar éis an tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais arna bhunú faoi Airteagal 126(4) CFAE a mheas, níl sé molta ag an gCoimisiún tús a chur le nós imeachta um easnamh iomarcach.

(18) Mar gheall ar riachtanais slándála mhéadaithe, tá méadú ag teacht ar an gcaiteachas cosanta san Eastóin. Tháinig méadú air ó 2 % de OTI in 2021 go 4,2 % in 2025 agus meastar go sáróidh sé 5 % de OTI ag tosú in 2026. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go n-aimseoidh an Eastóin foinsí cobhsaí ioncaim nó ionstraimí lena laghdaítear an caiteachas, ar féidir leo tacú le riachtanais chaiteachais don chosaint a mhaoiniú agus ní hamháin leis sin ach leis na riachtanais chaiteachais struchtúracha uile a mhaoiniú freisin, lena n-áirítear cúram sláinte agus cúram fadtéarmach, sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

[13] Tuarascáil ón gCoimisiún arna hullmhú i gcomhréir le hAirteagal 126(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, 3.6.2026, COM(2026)302 final.

(19) Tá ioncam ginearálta cánach an rialtais fós ceithre phointe céatadáin faoi bhun mheán an Aontais, is é sin, 35,2 % de OTI in 2024 i gcomparáid le 39,4 % san Aontas. Ó bhí 2024 ann, tugadh isteach roinnt beart chun an t-ioncam a mhéadú: méadaíodh an ráta CBL faoi dhó, agus shroich sé 24 % in 2025; ardaíodh rátaí cánach ioncaim phearsanta agus corparáide go 22 %; tiocfaidh méadú bliantúil ar dhleachtanna máil ar alcól, ar thobac agus ar fhuinneamh go dtí 2027/28; agus tugadh isteach cáin nua ar mhótarfheithiclí in 2025. Cé go gcuidíonn na hathchóirithe sin leis an mbearna ioncaim le meán an Aontais a laghdú, méadaíonn siad a thuilleadh an spleáchas ar chánacha saothair agus tomhaltais, cánacha atá os cionn mheán an Aontais cheana féin mar sciar de OTI. Tá an baol ann freisin go gcuirfidh siad ualach díréireach ar ghrúpaí ísealioncaim agus go gcuirfidh siad leis an neamhionannas ioncaim. Bheadh sé tairbhiúil an bonn cánach a leathnú trí chánacha nach mbeadh chomh díobhálach céanna don fhás. Mar shampla, trí leas a bhaint as cánachas maoine, rud atá fós tearcúsáidte. Ní raibh san ioncam ó chánachas maoine in 2024 ach 0,3 % de OTI, sciar a bhí i bhfad faoi bhun mheán 1,8 % an Aontais, rud a léiríonn fócas na hEastóine ar cháin a ghearradh ar thalamh seachas ar mhaoin. Dá ndéanfaí cáin ar mhaoin chónaithe fholamh a thabhairt isteach de réir a chéile, leathnófaí an bonn cánach agus laghdófaí ganntanais tithíochta an tráth céanna. Tá iarrachtaí suntasacha déanta ag an Eastóin chun éifeachtúlacht caiteachais a fheabhsú faoi chuimsiú buiséadú feidhmíochtbhunaithe. Mar sin féin, d'fhéadfaí an nasc idir athbhreithnithe caiteachais, gnóthachain éifeachtúlachta agus ath-leithdháileadh acmhainní a fheabhsú. Chun é a neartú, bheadh gá le hathbhreithnithe níos minice agus lena áirithiú go léireofaí go soiléir sa bhuiséad an coigilteas a eascraíonn astu sin agus go ndíreofaí é ar réimsí tosaíochta.

(20) Rannpháirtíocht chórasach fhóinteach thráthúil na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile, tá sí sin ríthábhachtach i gcónaí maidir le húinéireacht leathan a áirithiú i leith chur chun feidhme rathúil ionstraimí cistiúcháin an Aontais, agus i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(21) San Eastóin, an luas atá faoi chur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe, rud a chuimsíonn tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC), ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), agus ón gCiste Comhtháthaithe (CC), is luas é atá chun tosaigh ar mheánluas cur chun feidhme an Aontais, i gcás roghnú tionscadal agus íocaíochtaí araon. Tá sé tábhachtach an dlús atá ann faoi láthair a choinneáil ar bun, agus tionchar na n-infheistíochtaí ar an láthair a uasmhéadú an tráth céanna. Tá an Eastóin ag gníomhú cheana féin faoina cláir beartais chomhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás. Mar sin féin, d’fhéadfadh sé gur ghá réimsí áirithe a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear na réimsí sin a bhaineann le héagothromaíochtaí críochacha leanúnacha, le héagsúlú eacnamaíoch agus le haistriú cóir. Cé go bhfuil an cur chun feidhme go maith ar an iomlán, tá dúshlán roimh an gcur chun feidhme éifeachtach mar gheall ar infhaighteacht agus úsáid theoranta sonraí réigiúnacha. Na hinfheistíochtaí nua a shainaithin an Eastóin ina hathbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais comhtháthaithe, go háirithe na hinfheistíochtaí sin a bhaineann leis na cúig thosaíocht a sainaithníodh sa Rialachán maidir leis an Athbhreithniú Meántéarma[14], tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar iad a chur in úsáid go tapa agus go héifeachtach.

[14] Rialachán (AE) 2025/1914 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma.

(22) Cuireann éagothromaíochtaí réigiúnacha leanúnacha bac ar an gcóineasú agus ar an bhfás san Eastóin. Is i réigiún na príomhchathrach atá an chuid is mó den ghníomhaíocht eacnamaíoch, de na seirbhísí poiblí ardluacha agus den lucht saothair oilte. Tá dúshláin struchtúracha roimh na réigiúin iargúlta agus thuaithe, dúshláin a bhaineann le daonra tearc, meath déimeagrafach, saincheisteanna nascachta agus rochtain ar sheirbhísí poiblí bunúsacha. Mar thír ar theorainn sheachtrach thoir an Aontais, tá dúshláin bhreise roimh an Eastóin a chuireann bac ar a hionchais don fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta toisc gur measa na dúshláin struchtúracha atá ann cheana. Leis an gcogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin, méadaítear an brú slándála, cuirtear isteach ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha trasteorann, laghdaítear tarraingteacht na hinfheistíochta agus cuirtear teorainn bhreise leis an rochtain ar mhaoiniú. Éilíonn ábhair imní slándála maidir le daoine agus bonneagar criticiúil infheistíochtaí sa chosaint shibhialta, san ullmhacht agus sa tsoghluaisteacht mhíleata, rud a d'fhéadfadh deiseanna a chur ar fáil do gheilleagair na réigiún, agus brú breise a chur ar mhaoiniú seirbhísí poiblí an tráth céanna. Tá tábhacht ar leith ag baint le tacú le héagsúlú eacnamaíoch agus le hathléimneacht an réigiúin a neartú i gcontae Ida-Viru, áit a bhfuil claochlú mór tionsclaíoch, eacnamaíoch agus sóisialta ar bun toisc go bhfuil deireadh á chur de réir a chéile leis an tionscal atá bunaithe ar sceall ola.

(23) Tá roinnt dúshlán roimh an Eastóin a bhaineann le taighde agus nuálaíocht, an rochtain ar mhaoiniú, éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh, fuinneamh in-athnuaite agus an tslándáil fuinnimh, an t-iompar inbhuanaithe, an soláthar saothair agus scileanna agus an chosaint shóisialta.

(24) Cé go bhfuil feabhas leanúnach tagtha ar fheidhmíocht nuálaíochta fhoriomlán na hEastóine ó bhí 2017 ann, tá caiteachas taighde agus forbartha (T&F) gnó mar sciar de OTI fós faoi bhun mheán an Aontais. An tráth céanna, tá méadú suntasach tagtha ar thacaíocht do T&F gnó, agus shroich tacaíocht phoiblí dhíreach 0,15 % de OTI in 2023, os cionn mheán an Aontais. Áirítear leis sin tionscnaimh nua amhail an t-ionad náisiúnta taighde fheidhmigh, clár TemTA le haghaidh taighde feidhmeach agus forbairt theicneolaíoch, dreasachtaí feidhmíochtbhunaithe le haghaidh comhar idir an eolaíocht agus an gnó, agus bearta chun bainistiú maoine intleachtúla agus aistriú teicneolaíochta a neartú. Mar sin féin, tá laghdú tagtha ar phaitinniú agus tá comhar taighde-gnó teoranta i gcónaí, rud a léiríonn nach bhfuil giaráil leordhóthanach déanta go fóill ar infheistíocht phoiblí in T&N. Laghdaíonn an ilroinnt idir tacaíocht nuálaíochta agus tionscnaimh tacaíochta níos leithne d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) éifeachtacht beartais agus lagaíonn sé aistriú an taighde ina thorthaí margaidh. Dá dtabharfaí aghaidh ar na heasnaimh sin, lena n-áirítear trí chreataí tacaíochta níos comhtháite agus infheistíocht mharthanach i dtaighde feidhmeach agus i réimsí ardtionchair amhail an intleacht shaorga a áirithiú, chuideofaí le tráchtálú na nuálaíochta a neartú.

(25) Tá infhaighteacht airgeadais ina constaic mhór infheistíochta do 19 % de chuideachtaí san Eastóin, agus tá sciar na ngnólachtaí a bhfuil srian airgeadais orthu i bhfad níos airde ná meán an Aontais. Braitheann gnólachtaí na hEastóine go mór ar mhaoiniú inmheánach, rud a léiríonn gnéithe struchtúracha amhail an córas cánach, leitheadúlacht FBManna agus bonn infheisteoirí institiúideacha measartha. Tá bearnaí leanúnacha i rochtain FBManna ar mhaoiniú fós ag cur bac ar an nuálaíocht, ar thráchtálú taighde agus ar ghlacadh teicneolaíochtaí atá tíosach ar acmhainní. Cé gur rannchuidigh comhtháthú bhonneagar mhargadh caipitil na dtíortha Baltacha ó bhí 2017 ann agus tacaíocht ó institiúidí náisiúnta agus fornáisiúnta le forbairt an mhargaidh caipitil, an chothromais phríobháidigh agus an chaipitil fiontair, tá srianta maoiniúcháin fós ann, srianta atá níos measa mar gheall ar athchóiriú pinsean 2021, rud a laghdaigh méid na margaí caipitil intíre agus na hinfheistíochta institiúidí. Cé gur leathnaíodh rochtain ar mhaoiniú le hionstraimí amhail an córas cuntas infheistíochta, scéimeanna ráthaíochta spriocdhírithe, agus comhaontuithe maoiniúcháin nua, go háirithe leis an gCiste Eorpach Infheistíochta, leanann an t-éileamh de bheith níos mó ná an soláthar, mar a léirítear leis an ró-shuibscríobh tapa ar ghlaonna le haghaidh tacaíocht réigiúnach. Dá bhfeabhsófaí an rochtain ar mhaoiniú, go háirithe do FBManna lasmuigh de mhórionaid uirbeacha, lena n-áirítear trí ráthaíochtaí spriocdhírithe agus trí chreat nuálaíochta agus tacaíochta gnó níos comhtháite, chuideofaí le hinfheistíocht a shlógadh, thacófaí le méadú, agus chuirfí dlús le glacadh teicneolaíochtaí nuálacha atá tíosach ar acmhainní.

(26) Is iad foirgnimh is cúis le 46,1 % den úsáid fuinnimh sa tír, agus tháinig stad le feabhsuithe ar an tomhaltas fuinnimh deiridh san earnáil chónaithe san Eastóin idir 2019 agus 2024. Mar thoradh ar éifeachtúlacht fuinnimh íseal an stoic tithíochta, ídíonn costais téimh sciar ard d'ioncaim indiúscartha, rud a dhéanann difear an-mhór do ghrúpaí leochaileacha. Dá méadófaí infhaighteacht ionstraimí airgeadais sa bhreis ar na scéimeanna tacaíochta deontasbhunaithe atá ann cheana, d'fhéadfaí dícharbónú agus inacmhainneacht tithíochta a chur chun cinn trí chostais téimh níos ísle i dteaghaisí athchóirithe. Ach conair shoiléir a bhunú i dtreo stoc foirgneamh atá dícharbónaithe agus tíosach ar fhuinneamh, cuideofar freisin le dul i ngleic leis an ngá atá le hoiriúnú don athrú aeráide agus le hathléimneacht fhoriomlán i leith géarchéimeanna a mhéadú.

(27) Tá athrú inaitheanta tagtha ar mheascán fuinnimh na hEastóine i dtreo foinsí in-athnuaite fuinnimh, agus é ardaithe ó 35 % in 2023 go 40 % in 2024. Mar sin féin, cé gur tháinig laghdú tábhachtach ar a sciar den mheascán fuinnimh ó 30 % in 2023 go 25 % in 2024, is phríomhfhoinse fuinnimh na hEastóine i gcónaí é sceall ola arna bhfoinsiú laistigh den tír, rud a chuireann bac ar an aistriú glas. Cé go bhfuil laghdú tagtha ar phraghsanna i rith an lae le blianta beaga anuas mar gheall ar dhul i bhfód méadaitheach na grianchumhachta sa mheascán leictreachais (67,9 % d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite sa ghlanghiniúint leictreachais in 2025, ceann de na rátaí is airde san Aontas), tá an Eastóin fós leochaileach ar mhéaduithe móra ar phraghsanna le linn tréimhsí ardéilimh. Cé go ndearnadh eangach leictreachais na hEastóine a shioncronú go rathúil le heangach an Aontais i mí Feabhra 2025, tá tionscadail shioncronaithe eile, leis an Laitvia agus leis an bhFionlainn go háirithe, fós le cur i gcrích chun tacú leis an aistriú agus chun feabhas a chur ar an tslándáil fuinnimh. Cé gur tháinig an chéad chóras mórscála stórála fuinnimh ceallraí de chuid na hEastóine i bhfeidhm in 2025, tá sé fíor-riachtanach níos mó córas den sórt sin a thógáil chun solúbthacht fuinnimh na tíre a mhéadú. Ní mór leanúint den obair chun athléimneacht an bhonneagair chriticiúil fuinnimh a neartú, go háirithe maidir leis an cibearshlándáil agus an faireachas bonneagair.

(28) Tá táirgiúlacht acmhainní san Eastóin thíos le suntasacht na dtionscal atá dian ar acmhainní agus leis an spleáchas suntasach ar sceall ola (52,5 % den ollfhuinneamh a bhí ar fáil san Eastóin in 2023). In 2024, ghin an Eastóin EUR 1,15 in aghaidh an kg d'ábhar i gcomparáid le meán an Aontais EUR 2,99. I dtéarmaí táirgiúlacht acmhainní arna tomhas mar olltáirgeacht intíre (OTI) thar thomhaltas ábhair intíre (TAI), tá an Eastóin fós i measc na dtíortha is measa feidhmíocht san Aontas agus léiríonn sí treocht atá ag dul in olcas de bheagán – ba iad 127,7 agus 124,7 an luach innéacs in 2023 in 2024. Chun borradh a chur faoi tháirgiúlacht acmhainní, ní mór don Eastóin aistriú ó sceall ola, tuilleadh tacaíochta a thabhairt don nuálaíocht bhithbhunaithe chun feidhmeanna ar luach níos airde a dhéanamh d'acmhainní, chomh maith le teicneolaíochtaí atá tíosach ar acmhainní a fhorbairt agus a ghlacadh agus ciorclaíocht a fheabhsú, rud a bhfuil infheistíocht shuntasach ag teastáil ina leith.

(29) Astaíonn earnáil iompair na hEastóine méid mór gás ceaptha teasa i gcónaí. Is é an t-iompar de bhóthar is cúis le 48 % d'astaíochtaí maidir le comhroinnt díchill na hEastóine in 2024, is é sin méadú 27 % ó bhí 2005 ann. Is é is cúis leis sin flít gluaisteán a bheith ag an Eastóin atá ar an bhflít is sine san Aontas chomh maith le meánráta úinéireachta gluaisteán os cionn mheán an Aontais. Chun dul i ngleic leis sin agus chun a Plean Forbartha Iompair agus Soghluaisteachta 2021-2035 féin a chur chun feidhme, ní mór don Eastóin bearta a chur chun feidhme chun aistriú i dtreo úsáid iompair phoiblí inbhuanaithe a spreagadh. Chuige sin, tá tacaíocht chun bogadh i dtreo réitigh chomhtháite agus feabhas a chur ar nasc ilmhódach agus ar sheirbhísí ilmhódacha do phaisinéirí fíor-riachtanach, mar aon le leictriú breise iarnróid agus tabhairt chun críche *Rail Baltica*. Tá bonneagar iompair na hEastóine leochaileach ar thionchar an athraithe aeráide; ba cheart é sin a chur san áireamh agus infheistíochtaí nua san earnáil á bpleanáil.

(30) I bhfianaise ról ríthábhachtach an chaipitil dhaonna maidir le hiomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais a fheabhsú, mhol an Chomhairle in 2026 go ngníomhódh na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt go práinneach ar dhúshláin struchtúracha a bhaineann le caipiteal daonna i réimsí na scileanna, an oideachais agus na hoiliúna, ar dúshláin iad a chuireann bac ar an iomaíochas. Na moltaí tírshonracha atáthar a dhíriú chuig an Eastóin in 2026, d'fhéadfaidís a bheith ina gcuidiú ó thaobh chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas.

(31) Tá dúshláin fós le sárú ag an Eastóin maidir lena soláthar scileanna a neartú agus maidir le feabhas a chur ar aistrithe isteach sa mhargadh saothair. Tá luathfhágáil na scoile (os cionn 10 % in 2025) fós ag cur isteach ar ghnóthachtáil oideachais, agus léiríonn dífhostaíocht i measc na hóige (os cionn 20 % in 2025) agus sciar ard daoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (11,2 % in 2025) deacrachtaí leanúnacha maidir le haistrithe ón scoil go dtí an obair. Tá an t-aoisghrúpa 18-24 go háirithe i mbaol bochtaineacht lucht oibre. Tá ról tábhachtach ag an ngairmoideachas agus ag an ngairmoiliúint agus ag an ardoideachas maidir le huas-sciliú le haghaidh earnálacha atá ag dul i méid ina bhfuil éileamh ard ar shaothar. Mar sin féin, níl an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint tarraingteach go leor ar an iomlán, agus tá ganntanas céimithe roimh an ardoideachas i bpríomhréimsí amhail an eolaíocht, an teicneolaíocht, an innealtóireacht agus an mhatamaitic (ETIM). Tá éagothromaíochtaí móra maidir le rochtain ar uas-sciliú agus athsciliú, ag brath ar aois, cúlra socheacnamaíoch agus leibhéal oideachais, fós ag cur srian ar an mbonn scileanna, go háirithe i réigiúin atá ag aistriú i dtreo gníomhaíochtaí breisluacha níos airde. Tá méadú ag teacht ar éagsúlacht riachtanais na scoláirí i scoileanna, lena n-áirítear éileamh méadaitheach ar thacaíocht foghlama bhreise, agus tá rioscaí do cháilíocht an oideachais ag baint le ganntanais nach beag múinteoirí, go háirithe in ábhair ETIM agus san Eastóinis mar dhara teanga, agus tá na ganntanais sin an-mhór i gceantair thuaithe. Cé go bhfuil scileanna digiteacha i gcomhréir tríd is tríd le meán an Aontais, níl sprioc 80 % an Aontais bainte amach ag an Eastóin go fóill, agus tá easpa scileanna leordhóthanacha TFC agus bogearraí ag go leor oibrithe i gcónaí, agus meastar go dtiocfaidh méadú ar an éileamh ar IS agus ar inniúlachtaí digiteacha. Tá scileanna atá ábhartha don aistriú glas gann go fóill toisc go bhfuil sé róluath tionchar na mbeart a rinneadh le déanaí a fheiceáil, lena n-áirítear iad siúd a fhaigheann tacaíocht faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Dá neartófaí aistrithe ón oideachas go dtí an obair, dá leathnófaí tionscnaimh spriocdhírithe uas-scilithe agus athscilithe (lena n-áirítear for-rochtain do dhaoine fásta ar bheagán oiliúna agus do dhaoine fásta níos sine), agus dá dtacófaí le himeascadh luath daoine óga sa mhargadh saothair, chuideofaí le feabhas a chur ar thorthaí fostaíochta. Tá an cumhdach cómhargála agus dlús na gceardchumann i measc na leibhéal is ísle san Aontas agus tá an t-idirphlé sóisialta trípháirteach lagaithe le blianta beaga anuas. Ach feabhas a chur ar an idirphlé sóisialta agus ar an gcómhargáil, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht thrípháirteach, d'fhéadfaí rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin.

(32) Cuireann caiteachas sóisialta íseal agus bearnaí sa chumhdach cosanta sóisialta le rioscaí arda bochtaineachta do ghrúpaí leochaileacha. Tá an tacaíocht ioncaim íosta fós réasúnta íseal, agus tá an caiteachas foriomlán ar shochar sóisialta faoi bhun mheán an Aontais fós (17,8 % de OTI in 2024, i gcomparáid le meán an Aontais 27,3 %), rud a chuireann srian le tionchar laghdaithe bochtaineachta na n-aistrithe sóisialta. I bhfad níos airde a bhíonn na rioscaí bochtaineachta do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear iad siúd atá fostaithe, ná mar a bhíonn don phobal i gcoitinne (daonra in aois oibre faoi mhíchumas 32,5 %, i gcomparáid le 15 % i gcás daoine nach bhfuil faoi mhíchumas), rud a léiríonn go páirteach sochair mhíchumais réasúnta íseal. Tá teaghlaigh aontuismitheora go háirithe leochaileach ar an mbochtaineacht agus ar bhrúnna costais tithíochta freisin. Cuireann stoc tithíochta sóisialta teoranta agus dúshláin inacmhainneachta tithíochta leis na rioscaí bochtaineachta, go háirithe i measc grúpaí leochaileacha. Cé gur céim dhearfach é beartas tithíochta na hEastóine atá beartaithe do 2025–2035, ba cheart faireachán a dhéanamh ar a chur chun feidhme chun measúnú a dhéanamh ar a thionchar ar inacmhainneacht na tithíochta. Is é is aidhm d’athchóirithe ar an gcóras ioncaim íosta feabhas a chur ar leordhóthanacht agus éifeachtúlacht na sochar cothaithe, ach ós rud é go bhfuil na hathchóirithe sin ag céim luath fós, níl a dtionchar le feiceáil go fóill. D’ainneoin na n-athchóirithe a rinneadh le déanaí, is dúshlán fós é leordhóthanacht pinsean san Eastóin, agus tá na rioscaí bochtaineachta i measc daoine scothaosta ar na rioscaí is airde san Aontas i gcónaí. Tá rioscaí an-ard ann do mhná agus do dhaoine scothaosta atá ina gcónaí ina n-aonar, agus is iad na daoine scothaosta sin is mó atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta san Aontas. Tá sé sin nasctha le hionchas saoil níos faide, patrúin comhdhéanaimh teaghlaigh agus cumhdach pinsin marthanóra teoranta, rud a fhágann go bhfuil go leor ban scothaosta ina gcónaí ina n-aonar agus ioncaim réasúnta íseal acu. Ach leordhóthanacht sochar a neartú agus an rochtain ar chosaint shóisialta a leathnú, chomh maith le feabhas a chur ar an rannpháirtíocht i gcolúin phinsin bhreise, d’fhéadfaí na rioscaí bochtaineachta a laghdú.

(33) Tá dúshláin fós le sárú ag an Eastóin maidir leis an rochtain ar chúram sláinte agus cúram fhadtéarmaigh, agus lena n-inacmhainneacht, i réigiúin lasmuigh de phríomhlimistéir lárionaid uirbigh agus i measc grúpaí leochaileacha go háirithe. Cé go bhfuil athchóirithe agus infheistíochtaí déanta ag an Eastóin chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair sláinte, chun cúram príomhúil agus an líonra ospidéal a neartú. mar aon le comhtháthú cúraim sláinte agus seirbhísí sóisialta a chur chun cinn, is dúshlán fós í an rochtain. Tá an caiteachas poiblí ar chúram sláinte agus ar chúram fadtéarmach i bhfad faoi bhun mheán an Aontais, rud a chuireann le riachtanais shuntasacha nach bhfuiltear ag freastal orthu, le híocaíochtaí arda neamh-in-aisíoctha agus le hinfhaighteacht theoranta seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh, cúram bailebhunaithe go háirithe, rud as a n-eascraíonn spleáchas leanúnach ar chúram neamhfhoirmiúil, agus a dhéanann difear díréireach do ghrúpaí ar ioncam íseal agus a mhéadaíonn na rioscaí bochtaineachta ina measc siúd a bhfuil cúram de dhíth orthu. D'ainneoin treoirlínte cáilíochta, tá éagsúlacht mhór sa rochtain ar sheirbhísí sóisialta ó bhardas go chéile, agus cuireann liostaí feithimh atá ag dul i méid srian breise ar an rochtain. Tá neamhionannais nach beag fós ann san Eastóin maidir le hionchas saoil agus blianta dea-shláinte, rudaí a bhfuil dlúthbhaint acu le stádas socheacnamaíoch, oideachas, ioncam agus áit chónaithe. Níl an tsamhail árachais sláinte sóisialta atá ann faoi láthair inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de san fhadtéarma, ós rud é go meastar go bhfásfaidh an caiteachas níos tapúla ná ioncaim mar gheall ar aosú, méadú ar éileamh agus athruithe ar an margadh saothair. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí leanúint d'athchóirithe a chur chun feidhme chun cúram sláinte agus seirbhísí sóisialta a chomhtháthú ar bhealach níos fearr, tús áite a thabhairt don chosc agus cistiú inbhuanaithe a áirithiú, chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair agus chun éagothromaíochtaí maidir le rochtain agus inacmhainneacht a laghdú.

(34) I bhfianaise na ndlúth-idirnasc idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro, agus a rannchuidithe chomhchoitinn le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, in 2026 mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun Moladh 2026 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na hEastóine, cuidíonn moladh (1) le cur chun feidhme an chéad mholta, an dara moladh agus an tríú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (2) le cur chun feidhme an cheathrú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moltaí (3) agus (4) le cur chun feidhme an seachtú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (5) le cur chun feidhme an chúigiú moladh maidir leis an limistéar euro.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Eastóin in 2026 agus in 2027 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Leanúint de chloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025, agus úsáid á baint as an tsolúbthacht faoin gclásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtaigh an Chomhairle. Ullmhacht cosanta a threisiú agus, ag an am céanna, an inbhuanaitheacht fiachais agus éifeachtúlacht caiteachais a áirithiú agus, ina theannta sin, an buiséad a oiriúnú de réir a chéile chun caiteachas cosanta atá níos airde ó thaobh struchtúir de a chothú. A áirithiú gur bearta sealadacha a bheidh i mbearta a dhéanfar chun tionchar an ardaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, agus go mbeidh siad dírithe ar theaghlaigh leochaileacha a chosaint nó ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais gnólachtaí dianfhuinnimh, dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh a chaomhnú agus a áirithiú go mbeidh a gcostas fioscach comhoiriúnach do na gealltanais faoi chreat fioscach an Aontais. Maoiniú inbhuanaithe a áirithiú do riachtanais chaiteachais, lena n-áirítear an chosaint, tríd an mbonn cánach a leathnú, trí leas a bhaint as cánacha nach bhfuil chomh díobhálach céanna don fhás, lena n-áirítear cánachas maoine, agus trí chaiteachas a dhíriú ar réimsí tosaíochta bunaithe ar athbhreithnithe ar chaiteachas poiblí.

2. Leanúnachas na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a áirithiú. An dlús cur chun feidhme a choinneáil ar bun faoi chláir an bheartais comhtháthaithe, rud arbh é an dúshraith a bheadh faoi, i gcásanna inarbh iomchuí, ath-leithdháileadh chuig tosaíochtaí straitéiseacha agus chuig na solúbthachtaí a comhaontaíodh i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma ar an gcreat beartais comhtháthaithe. Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uathúla shocheacnamaíocha, slándála agus ullmhachta sibhialta a dhéanann difear do réigiúin ar theorainn sheachtrach thoir an Aontais, lena n-áirítear an gá atá le hinfheistíocht a dhéanamh i mbonneagar dé-úsáide.

3. Infheistíocht phoiblí in T&F a ghiaráil níos fearr agus aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar thráchtálú T&F. Feabhas a chur ar an rochtain ar mhaoiniú, lena n-áirítear le haghaidh an uas-scálaithe, d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do chuideachtaí lasmuigh de phríomhlimistéir uirbeacha go háirithe, lena n-áirítear trí chreataí tacaíochta nuálaíochta agus gnó a chomhtháthú.

4. Tuilleadh infheistíochta a dhéanamh in athchóirithe atá tíosach ar fhuinneamh, lena n-áirítear trí ionstraimí airgeadais, chun an t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú agus chun rannchuidiú le hinacmhainneacht tithíochta a mhéadú. An spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise agus an sciar scealla ola sa mheascán fuinnimh a laghdú trí infheistíocht a dhéanamh i bhfuinneamh in-athnuaite agus trí stóráil fuinnimh a chur chun cinn. An tslándáil fuinnimh agus an athléimneacht in aghaidh bagairtí hibrideacha a mhéadú, trí acmhainneacht leordhóthanach na n-idirnasc leictreachais a áirithiú agus trí athléimneacht bhonneagar na heangaí a neartú, mar shampla. Úsáid iompair inbhuanaithe nach bhfuil chomh truaillitheach céanna a mhéadú, trí dhlús a chur le tabhairt chun críche *Rail Baltica*, agus trí chomhtháthú córas iompair phoiblí a éascú. Táirgiúlacht acmhainní a ardú trí thacú le glacadh teicneolaíochtaí atá tíosach ar acmhainní.

5. Feabhas a chur ar scileanna trí dheiseanna a leathnú do dhaoine fásta ar bheagán oiliúna agus do dhaoine fásta scothaosta agus trí oideachas ETIM a neartú ar gach leibhéal. Luathfhágáil na scoile a laghdú trí aghaidh a thabhairt ar ghanntanais múinteoirí agus trí thacú le foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Fostaíocht daoine óga a fheabhsú trí bheartais ghníomhacha níos éifeachtaí maidir leis an margadh saothair, agus aird ar leith á tabhairt ar éagothromaíochtaí réigiúnacha. An chosaint shóisialta a neartú chun baol na bochtaineachta i measc grúpaí leochaileacha a laghdú trí leordhóthanacht agus éifeachtúlacht an chórais sochair a mhéadú. Feabhas a chur ar inrochtaineacht agus inacmhainneacht cúraim sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh, lena n-áirítear chun aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí réigiúnacha, trí chistiú a áirithiú.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*